# CINNEADH (AE) 2021/145 ÓN gCOIMISIÚN

## an 5 Feabhra 2021

## lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chomhaontú Airgeadaíochta an 27 Márta 2012 idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas agus Poblacht San Mairíne ("an Comhaontú") i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2012.

(2) Ceanglaítear le hAirteagal 8(1) den Chomhaontú ar Shan Mairíne gníomhartha dlí agus rialacha de chuid an Aontais maidir le nótaí bainc agus boinn euro, dlí baincéireachta agus airgeadais, cosc ar sciúradh airgid, cosc ar chalaois agus ar ghóchumadh modhanna íocaíochta airgid agus neamhairgid, boinn agus comharthaí agus ceanglais tuairiscithe staidrimh a chur chun feidhme. Liostaítear na gníomhartha agus na rialacha sin san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Airgeadaíochta.

(3) Ba cheart don Choimisiún an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Airgeadaíochta a leasú uair sa bhliain nó níos minice má mheastar gurb iomchuí sin chun gníomhartha dlí agus rialacha nua ábhartha de chuid an Aontais agus na leasuithe ar na gníomhartha agus ar na rialacha atá ann cheana a chur san áireamh.

(4) Tá roinnt gníomhartha dlí agus rialacha de chuid an Aontais ann nach bhfuil ábhartha a thuilleadh agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a scriosadh den Iarscríbhinn, agus san am céanna glacadh nó leasaíodh gníomhartha agus rialacha dlí eile de chuid an Aontais agus ba cheart iad a chur leis an Iarscríbhinn.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Airgeadaíochta a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann leis an gComhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Feabhra 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO C 121, 26.4.2012, lch. 5.

*IARSCRÍBHINN*

*"IARSCRÍBHINN*

| | Forálacha Dlí atá le cur chun feidhme | An sprioc-am do chur chun feidhme |
|---|---|---|
| | *Sciúradh airgid a chosc a chur chun feidhme* | |
| 1 | **Cinneadh 2000/642/CGBón gComhairle** an 17 Deireadh Fómhair 2000 maidir le socruithe le haghaidh comhar idir aonaid um fhaisnéis airgeadais na mBallstát i dtaca le faisnéis a mhalartú (IO L 271, 24.10.2000, lch. 4). | 1 Meán Fómhair 2013 |
| 2 | **Cinneadh Réime 2001/500/CGBón gComhairle** an 26 Meitheamh 2001 maidir le sciúradh airgid agus le hionstraimeachtaí agus fáltais ón gcoireacht a shainaithint, a rianú, a reo, a urghabháil agus a choigistiú (IO L 182, 5.7.2001, lch. 1) | |
| 3 | **Cinneadh Réime 2005/212/CGB ón gComhairle** an 24 Feabhra 2005 maidir le Fáltais, Ionstraimeachtaí agus Maoin a bhaineann le Coireacht a Choigistiú (IO L 68, 15.3.2005, lch. 49) | 1 Deireadh Fómhair 2014 (1) |
| 4 | **Cinneadh 2007/845/CGB ón gComhairle** an 6 Nollaig 2007 maidir le comhar idir Oifigí Gnóthaithe Sócmhainní na mBallstát i dtaca le fáltais nó maoin eile a bhaineann le coireacht a rianú agus a shainaithint (IO L 332, 18.12.2007, lch. 103) | |
| 5 | **Treoir 2014/42/AE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le hionstraimeachtaí na coireachta agus fáltais ón gcoireacht a reo agus a choigistiú san Aontas Eorpach (IO L 127, 29.4.2014, lch. 39) | 1 Samhain 2016 (2) |
| 6 | **Rialachán (AE) 2015/847** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1781/2006 (IO L 141, 5.6.2015, lch. 1) | 1 Deireadh Fómhair 2017 (3) |
| 7 | **Treoir 2015/849/AE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73) | 1 Deireadh Fómhair 2017 (3) |
| | Arna leasú le: | |
| 8 | Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí, agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 43) | 31 Nollaig 2020 (6) |
| | Arna fhorlíonadh le: | |
| 9 | Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí thríú tíortha ardriosca ag a bhfuil easnaimh straitéiseacha a shainaithint (IO L 254, 20.9.2016, lch. 1) | 1 Deireadh Fómhair 2017 (5) |
| | Arna leasú le: | |
| 10 | Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/105 ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675, maidir leis an Aetóip a chur leis an liosta de thríú tíortha ardriosca sa tábla i bpointe I den Iarscríbhinn (IO L 19, 24.1.2018, lch. 1) | 31 Márta 2019 (6) |

| | | |
|---|---|---|
| 11 | Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/212 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le Srí Lanca, Oileán na Tríonóide agus Tobága, agus an Túinéis a chur leis an tábla i bpointe I den Iarscríbhinn (IO L 41, 14.2.2018, lch. 4) | 31 Márta 2019 ([6]) |
| 12 | Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1467 ón gCoimisiún an 27 Iúil 2018 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir leis an bPacastáin a chur leis an tábla i bpointe I den Iarscríbhinn (IO L 246, 2.10.2018, lch. 1) | 31 Nollaig 2019 ([7]) |
| 13 | Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/758 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2019 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh na híosghníomhaíochta agus leis an gcineál beart breise nach mór d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais a dhéanamh chun an riosca sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta i dtríú tíortha áirithe a mhaolú (IO L 125, 14.5.2019, lch. 4) | 31 Nollaig 2020 ([7]) |
| 14 | **Rialachán (AE) 2018/1672** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le rialuithe i dtaca le hairgead ag teacht isteach san Aontas nó ag imeacht as an Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005 (IO L 284, 12.11.2018, lch. 6) | 31 Nollaig 2021( ([7]) |
| 15 | **Treoir (AE) 2018/1673** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le sciúradh airgid a chomhrac leis an dlí coiriúil (IO L 284, 12.11.2018, lch. 22) | 31 Nollaig 2021 ([7]) |
| 16 | **Treoir (AE) 2019/1153** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha lena n-éascaítear úsáid faisnéise airgeadais agus faisnéise eile le haghaidh cionta coiriúla áirithe a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2000/642/CGB ón gComhairle (IO L 186 11.7.2019, lch. 122) | 31 Nollaig 2023 ([8]) |
| | *Calaois agus góchumadh a chosc* | |
| 17 | **Rialachán (CE) Uimh. 1338/2001ón gComhairle** an 28 Meitheamh 2001 lena leagtar síos na bearta is gá chun an euro a chosaint ar ghóchumadh (IO L 181, 4.7.2001, lch. 6)<br><br>Arna leasú le: | 1 Meán Fómhair 2013 |
| 18 | Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 44/2009 an 18 Nollaig 2008 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1338/2001 lena leagtar síos na bearta is gá chun an euro a chosaint ar ghóchumadh (IO L 17, 22.1.2009, lch. 1) | |
| 19 | **Cinneadh 2001/887/CGBón gComhairle** an 6 Nollaig 2001 maidir leis an euro a chosaint ar ghóchumadh (IO L 329, 14.12.2001, lch. 1) | 1 Meán Fómhair 2013 |
| 20 | **Cinneadh 2003/861/CE ón gComhairle** an 8 Nollaig 2003 maidir le hanailísiú agus comhar i ndáil le boinn euro ghóchumtha (IO L 325, 12.12.2003, lch. 44) | 1 Meán Fómhair 2013 |
| 21 | **Rialachán (CE) Uimh. 2182/2004ón gComhairle** an 6 Nollaig 2004 maidir le boinn agus comharthaí atá cosúil le boinn euro (IO L 373, 21.12.2004, lch. 1)<br><br>Arna leasú le: | 1 Meán Fómhair 2013 |
| 22 | Rialachán (CE) Uimh. 46/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2182/2004 maidir le boinn agus comharthaí atá cosúil le boinn euro (IO L 17, 22.1.2009, lch. 5) | |

| | | |
|---|---|---|
| 23 | **Treoir 2014/62/AE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le cosaint an euro agus airgeadraí eile ar ghóchumadh leis an dlí coiriúil, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2000/383/CGB ón gComhairle (IO L 151, 21.5.2014, lch. 1) | 1 Iúil 2016 ([2]) |
| 24 | **Treoir (AE) 2019/713** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid a chomhrac agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle (IO L 123, 10.5.2019, lch. 18) | 31 Nollaig 2021 ([7]) |
| | *Rialacha maidir le nótaí bainc agus boinn euro* | |
| | Cé is moite d'Airteagal 1a, míreanna 2 agus 3, agus Airteagail 4a, 4b agus 4c: | |
| 25 | **Rialachán (CE) Uimh. 2532/98 ón gComhairle** an 23 Samhain 1998 maidir le cumhachtaí leis na cumhachtaí atá ag an mBanc Ceannais Eorpach smachtbhannaí a fhorchur (IO L 318, 27.11.1998, lch. 4) | 1 Meán Fómhair 2013 |
| | Arna leasú le: | |
| 26 | Rialachán (AE) 2015/159 ón gComhairle an 27 Eanáir 2015 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2532/98 maidir leis na cumhachtaí atá ag an mBanc Ceannais Eorpach smachtbhannaí a fhorchur (IO L 27, 3.2.2015, lch. 1) | 31 Deireadh Fómhair 2021 ([8]) |
| 27 | **Conclúidí ón gComhairle an 10 Bealtaine 1999** maidir leis an gcóras bainistithe cáilíochta le haghaidh boinn euro | 1 Meán Fómhair 2013 |
| 28 | **Teachtaireacht ón gCoimisiún 2001/C 318/03 an 22 Deireadh Fómhair 2001** maidir le cosaint cóipchirt ar dhearadh coiteann aghaidh na mbonn euro **(C(2001) 600 final)** (IO C 318, 13.11.2001, lch. 3) | 1 Meán Fómhair 2013 |
| 29 | **Treoirlíne ón mBanc Ceannais EorpachBCE/2003/5** an 20 Márta 2003 maidir le bearta a fhorfheidhmiú chun macasamhla neamhchomhlíontacha nótaí bainc euro a chomhrac agus maidir le nótaí bainc euro a mhalartú agus a tharraingt siar (2003/206/CE) (IO L 78, 25.3.2003, lch. 20) | 1 Meán Fómhair 2013 |
| | Arna leasú le: | |
| 30 | Treoirlíne ón mBanc Ceannais Eorpach BCE/2013/11 an 19 Aibreán 2013 lena leasaítear Treoirlíne BCE/2003/5 maidir le bearta a fhorfheidhmiú chun macasamhla neamhchomhlíontacha nótaí bainc euro a chomhrac agus maidir le nótaí bainc euro a mhalartú agus a tharraingt siar (2013/212/AE) (IO L 118, 30.4.2013, lch. 43) | 1 Deireadh Fómhair 2013 ([1]) |
| 31 | **Cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach BCE/2010/14** an 16 Meán Fómhair 2010 maidir le barántúlacht agus oiriúnacht nótaí bainc euro a sheiceáil agus a chur ar ais i gcúrsaíocht (2010/597/AE) (IO L 267, 9.10.2010, lch. 1) | 1 Meán Fómhair 2013 |
| | Arna leasú le: | |
| 32 | Cinneadh ón mBanc Ceannais Eorpach BCE/2012/19 an 7 Meán Fómhair 2012 lena leasaítear Cinneadh BCE/2010/14 maidir le barántúlacht agus oiriúnacht nótaí bainc euro a sheiceáil agus a chur ar ais i gcúrsaíocht (2012/507/AE) (IO L 253, 20.9.2012, lch. 19) | 1 Deireadh Fómhair 2013 ([1]) |
| 33 | Cinneadh (AE) 2019/2195 ón mBanc Ceannais Eorpach an 5 Nollaig 2019 lena leasaítear Cinneadh BCE/2010/14 maidir le barántúlacht agus oiriúnacht nótaí bainc euro a sheiceáil agus a chur ar ais i gcúrsaíocht (BCE/2019/39) (IO L 330, 20.12.2019, lch. 91) | 31 Nollaig 2021 ([8]) |
| 34 | **Rialachán (AE) Uimh. 1210/2010** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2010 maidir le boinn euro a fhíordheimhniú agus le boinn euro atá mí-oiriúnach le haghaidh cúrsaíochta a láimhseáil (IO L 339, 22.12.2010, lch. 1) | 1 Meán Fómhair 2013 |

| | | |
|---|---|---|
| 35 | **Rialachán (AE) Uimh. 1214/2011** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le hiompar gairmiúil airgid euro de bhóthar idir na Ballstáit atá sa limistéar euro (IO L 316, 29.11.2011, lch. 1) | 1 Deireadh Fómhair 2014 (1) |
| 36 | **Rialachán (AE) Uimh. 651/2012** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le boinn euro a eisiúint (IO L 201, 27.7.2012, lch. 135) | 1 Deireadh Fómhair 2013 (1) |
| 37 | **Cinneadh BCE/2013/10** ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Aibreán 2013 maidir le hainmníochtaí, sonraíochtaí, macasamhlú, malartú agus tarraingt siar nótaí bainc euro (2013/211/AE) (IO L 118, 30.4.2013, lch. 37) | 1 Deireadh Fómhair 2013 (1) |
| | Arna leasú le: | |
| 38 | Cinneadh (AE) 2019/669 ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Aibreán 2019 lena leasaítear Cinneadh BCE/2013/10 maidir le hainmníochtaí, sonraíochtaí, macasamhlú, malartú agus tarraingt siar nótaí bainc euro (BCE/2019/9) (IO L 113, 29.4.2019, lch. 6) | 31 Nollaig 2020 (7) |
| 39 | **Rialachán (AE) Uimh. 729/2014 ón gComhairle** an 24 Meitheamh 2014 maidir le hainmníochtaí agus sonraíochtaí teicniúla boinn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht (Athmhúnlú) (IO L 194, 2.7.2014, lch. 1) | 1 Deireadh Fómhair 2013 (1) |
| | *Reachtaíocht Baincéireachta agus Airgeadais* | |
| 40 | **Treoir 86/635/CEE ón gComhairle** an 8 Nollaig 1986 maidir le cuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite banc agus institiúidí airgeadais eile (IO L 372, 31.12.1986, lch. 1) | 1 Meán Fómhair 2016 |
| | Arna leasú le: | |
| 41 | Treoir 2001/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2001 lena leasaítear Treoracha 78/660/CEE, 83/349/CEE agus 86/635/CEE a mhéid a bhaineann leis na rialacha luachála le haghaidh cuntais bhliantúla agus chomhdhlúite cineálacha áirithe cuideachtaí agus banc agus institiúidí airgeadais eile (IO L 283, 27.10.2001, lch. 28) | |
| 42 | Treoir 2003/51/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2003 lena leasaítear Treoracha 78/660/CEE, 83/349/CEE, 86/635/CEE agus 91/674/CEE maidir le cuntais bhliantúla agus chomhdhlúite cineálacha áirithe cuideachtaí, banc agus institiúidí airgeadais eile agus gnóthas árachais (IO L 178, 17.7.2003, lch. 16) | |
| 43 | Treoir 2006/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 lena leasaítear Treoracha 78/660/CEE ón gComhairle maidir le cuntais bhliantúla cineálacha áirithe cuideachtaí, 83/349/CEE maidir le cuntais chomhdhlúite, 86/635/CEE maidir le cuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite banc agus institiúidí airgeadais eile agus 91/674/CEE maidir le cuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite gnóthas árachais (IO L 224, 16.8.2006, lch. 1) | |
| 44 | **Treoir 89/117/CEEón gComhairle** an 13 Feabhra 1989 maidir leis na hoibleagáidí atá ar bhrainsí institiúidí creidmheasa agus institiúidí airgeadais i dtaca le doiciméid chuntasaíochta a fhoilsiú go bliantúil, ar brainsí iad a bunaíodh i mBallstát a bhfuil a gceannoifigí lasmuigh den Bhallstát sin (IO L 44, 16.2.1989, lch. 40) | 1 Meán Fómhair 2018 |
| 45 | **Treoir 97/9/CE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Márta 1997 maidir le scéimeanna cúitimh d'infheistíochtaí (IO L 84, 26.3.1997, lch. 22) | 1 Meán Fómhair 2018 |
| 46 | **Treoir 98/26/CE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús (IO L 166, 11.6.1998, lch. 45) | 1 Meán Fómhair 2018 |

| | | |
|---|---|---|
| | Arna leasú le: | |
| 47 | Treoir 2009/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leasaítear Treoir 98/26/CE maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús agus Treoir 2002/47/CE maidir le socruithe comhthaobhachta airgeadais i dtaca le córais nasctha agus éilimh chreidmheasa (IO L 146, 10.6.2009, lch. 37) | |
| 48 | Treoir 2010/78/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena leasaítear Treoracha 98/26/CE, 2002/87/CE, 2003/6/CE, 2003/41/CE, 2003/71/CE, 2004/39/CE, 2004/109/CE, 2005/60/CE, 2006/48/CE, 2006/49/CE agus 2009/65/CE i ndáil leis na cumhachtaí atá ag an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), ag an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Ghairme) agus ag an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) (IO L 331, 15.12.2010, lch. 120) | |
| 49 | Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1) | 30 Meán Fómhair 2019 ([3]) |
| 50 | Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014. lch. 1) | 1 Meán Fómhair 2018 |
| 51 | Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2014/59/AE maidir le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus acmhainneacht athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus Treoir 98/26/CE (IO L 150, 7.6.2019, lch. 296) | 31 Nollaig 2022( ([8]) |
| 52 | **Treoir 2001/24/CE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Aibreán 2001 maidir le hinstitiúidí creidmheasa a atheagrú agus a fhoirceannadh (IO L 125, 5.5.2001, lch. 15) | 1 Meán Fómhair 2018 |
| | Arna leasú le: | |
| 53 | Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus do réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190) | |
| 54 | **Treoir 2002/47/CE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meitheamh 2002 maidir le socruithe comhthaobhachta airgeadais, (IO L 168, 27.6.2002, lch. 43) | 1 Meán Fómhair 2018 |
| | Arna leasú le: | |
| 55 | Treoir 2009/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leasaítear Treoir 98/26/CE maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús agus Treoir 2002/47/CE maidir le socruithe comhthaobhachta airgeadais i dtaca le córais nasctha agus éilimh chreidmheasa (IO L 146, 10.6.2009, lch. 37) | |
| 56 | Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus do réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190) | 1 Meán Fómhair 2018 ([2]) |
| 57 | **Treoir 2002/87/CE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le maoirseacht fhorlíontach ar institiúidí creidmheasa, ar ghnóthais árachais agus ar ghnólachtaí infheistíochta in ilchuideachta airgeadais agus lena leasaítear Treoracha 73/239/CEE, 79/267/CEE, 92/49/CEE, 92/96/CEE, 93/6/CEE agus 93/22/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 98/78/CE agus 2000/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 35, 11.2.2003, lch. 1), agus na bearta gaolmhara ar leibhéal 2 de réir mar is iomchuí | 1 Meán Fómhair 2018 |

| | | |
|---|---|---|
| | Arna leasú le: | |
| 58 | Treoir 2005/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2005 lena leasaítear Treoracha 73/239/CEE, 85/611/CEE, 91/675/CEE, 92/49/CEE agus 93/6/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/19/CE, 98/78/CE, 2000/12/CE, 2001/34/CE, 2002/83/CE agus 2002/87/CE chun struchtúr nua eagrúcháin a bhunú le haghaidh coistí seirbhísí airgeadais (IO L 79, 24.3.2005, lch. 9) | |
| 59 | Treoir 2008/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 lena leasaítear Treoir 2002/87/CE maidir le maoirseacht fhorlíontach ar institiúidí creidmheasa, ar ghnóthais árachais agus ar ghnólachtaí infheistíochta in ilchuideachta airgeadais, i dtaca leis na cumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún (IO L 81, 20.3.2008, lch. 40) | |
| 60 | Treoir 2010/78/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena leasaítear Treoracha 98/26/CE, 2002/87/CE, 2003/6/CE, 2003/41/CE, 2003/71/CE, 2004/39/CE, 2004/109/CE, 2005/60/CE, 2006/48/CE, 2006/49/CE agus 2009/65/CE i ndáil leis na cumhachtaí atá ag an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), ag an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Ghairme) agus ag an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) (IO L 331, 15.12.2010, lch. 120) | |
| 61 | Treoir 2011/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 lena leasaítear Treoracha 98/78/CE, 2002/87/CE, 2006/48/CE agus 2009/138/CE maidir le maoirseacht fhorlíontach ar eintitis airgeadais in ilchuideachta airgeadais (IO L 326, 8.12. 2011, p. 113) | |
| 62 | Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht na n-institiúidí creidmheasa agus ar mhaoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338) | |
| 63 | Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64) | 31 Nollaig 2023 ([8]) |
| 64 | **Rialachán (CE) Uimh. 924/2009** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le híocaíochtaí trasteorann sa Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2560/2001 (IO L 266, 9.10.2009, lch. 11) | 1 Meán Fómhair 2018 |
| | Arna leasú le: | |
| 65 | Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear ceanglais theicniúla agus ghnó le haghaidh aistrithe creidmheasa agus dochair dhíreacha in euro agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 (IO L 94, 30.3.2012, lch. 22) | 1 Meán Fómhair 2018 ([1]) |

| | | |
|---|---|---|
| 66 | **Treoir 2009/110/CE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstitiúidí airgid leictreonaigh agus leanúint den ghnó sin agus maoirseoireacht stuamachta a dhéanamh air lena leasaítear Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7) | 1 Meán Fómhair 2016 |
| | Arna leasú le: | |
| 67 | Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338). | 1 Meán Fómhair 2017 (3) |
| 68 | Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoir 2002/65/CE, Treoir 2009/110/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35) | 30 Meán Fómhair 2018 (4) |
| 69 | **Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12) | 1 Meán Fómhair 2016 |
| | Arna leasú le: | |
| 70 | Rialachán (AE) Uimh. 1022/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach) a mhéid a bhaineann le cúraimí sonracha a thabhairt don Bhanc Ceannais Eorpach de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle (IO L 287, 29.10.2013, lch. 5) | |
| 71 | Treoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le comhaontuithe creidmheasa do thomhaltóirí i dtaca le maoin chónaithe dho-aistrithe agus lena leasaítear Treoracha 2008/48/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 60, 28.2.2014, lch. 34) | |
| 72 | Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus do réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190) | 1 Meán Fómhair 2018 (3) |
| 73 | Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35) | 30 Meán Fómhair 2018 (4) |
| 74 | Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013/AE, (AE) Uimh. 600/2014, agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1) | 31 Nollaig 2023 (8) |
| 75 | **Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84) | 1 Meán Fómhair 2016 |

| | | |
|---|---|---|
| | Arna leasú le: | |
| 76 | Treoir 2011/61/EU ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1) | |
| 77 | Rialachán (AE) Uimh. 258/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 lena mbunaítear clár Aontais chun tacú le gníomhaíochtaí sonracha i réimse an tuairiscithe airgeadais agus na hiniúchóireachta don tréimhse 2014-20 agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE, (IO L 105, 8.4.2014, lch. 1) | |
| 78 | Treoir 2014/51/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leasaítear Treoracha 2003/71/CE, agus 2009/138/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 1094/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 i leith chumhachtaí an Údaráis Maoirseachta Eorpaigh (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) agus an Údaráis Maoirseachta Eorpaigh (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) (IO L 153, 22.5.2014, lch. 1) | |
| 79 | **Rialachán (AE) Uimh. 260/2012** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear ceanglais theicniúla agus ghnó le haghaidh aistrithe creidmheasa agus dochair dhíreacha in euro agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 (IO L 94, 30.3.2012, lch. 22)<br><br>Arna leasú le: | 1 Aibreán 2018 ([2]) |
| 80 | Rialachán (AE) Uimh. 248/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 maidir leis an ascnamh chuig aistrithe creidmheasa agus dochair dhíreacha uile-Aontais (IO L 84, 20.3.2014, lch. 1) | |
| 81 | **Rialachán (AE) Uimh. 648/2012** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1) agus na bearta gaolmhara ar leibhéal 2 de réir mar is iomchuí<br><br>Arna leasú le: | 30 Meán Fómhair 2019 ([3]) |
| 82 | Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1) | |
| 83 | Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus do réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190) | |
| 84 | Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84) | 31 Nollaig 2020 ([3]) |
| 85 | Treoir 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73) | |

| | | |
|---|---|---|
| 86 | Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le trédhearcacht idirbheart maoinithe urrús agus athúsáide agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 337, 23.12.2015, lch. 1) | 30 Meán Fómhair 2019 ([4]) |
| 87 | Rialachán (AE) 2019/834 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, i dtaca leis an oibleagáid imréitigh, le cur ar fionraí na hoibleagáide imréitigh, leis na ceanglais tuairiscithe, le teicnící maolaithe riosca le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntar nach n-imréitíonn contrapháirtí lárnach, le clárú agus le maoirseacht stórtha trádála agus leis na ceanglais ar stórtha trádála (IO L 141, 28.5.2019, lch. 42) | 31 Nollaig 2021 ([8]) |
| 88 | Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann leis an gcóimheas luamhánaithe, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, leis an bpriacal creidmheasa contrapháirtí, leis an bpriacal margaidh, leis na risíochtaí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na risíochtaí ar ghnóthais chomhinfheistíochta, leis na risíochtaí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta, agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 150, 7.6.2019, lch. 1) | 31 Nollaig 2023 ([8]) |
| 89 | **Rialachán (AE) Uimh. 575/2013** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1) agus bearta gaolmhara ar leibhéal 2 de réir mar is iomchuí<br><br>Arna leasú le: | 1 Meán Fómhair 2017 ([1]) |
| 90 | Rialachán (AE) 2017/2395 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir leis na socruithe idirthréimhseacha leis an tionchar a bheidh ag tabhairt isteach IFRS 9 ar chistí dílse a mhaolú agus le haghaidh láimhseáil risíochtaí móra i gcás risíochtaí áirithe san earnáil phoiblí atá ainmnithe in airgeadra intíre aon Bhallstáit (IO L 345, 27.12.2017, lch. 27) | 30 Meitheamh 2019 ([6]) |
| 91 | Rialachán (AE) 2017/2401 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta (IO L 347, 28.12.2017, lch. 1) | 31 Márta 2020 ([6]) |
| [2]92 | Rialachán (AE) 2019/630 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le cumhdach caillteanais íosta le haghaidh risíochtaí neamhthuillmheacha (IO L 111, 25.4.2019, lch. 4) | 31 Nollaig 2020 ([7]) |
| 93 | Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann leis an gcóimheas luamhánaithe, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, leis an bpriacal creidmheasa contrapháirtí, leis an bpriacal margaidh, leis na risíochtaí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na risíochtaí ar ghnóthais chomhinfheistíochta, leis na risíochtaí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta, agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 150, 7.6.2019, lch. 1) | 31 Nollaig 2023 ([8]) |
| 94 | Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013/AE, (AE) Uimh. 600/2014, agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1) | 31 Nollaig 2023 ([8]) |

| | | |
|---|---|---|
| 95 | **Treoir 2013/36/AE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht na n-institiúidí creidmheasa agus ar mhaoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338) agus na bearta gaolmhara ar leibhéal 2 de réir mar is iomchuí<br><br>Arna leasú le: | 1 Meán Fómhair 2017 (1) |
| 96 | Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus do réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190) | 1 Meán Fómhair 2018 (3) |
| 97 | Treoir (AE) 2019/878 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2013/36/AE a mhéid a bhaineann le heintitis dhíolmhaithe, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, an luach saothair, bearta agus cumhachtaí maoirseachta agus bearta caomhnaithe caipitil (IO L 150, 7.6.2019, lch. 253) | 31 Nollaig 2022 (8) |
| 98 | Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64) | 31 Nollaig 2023 (8) |
| 99 | **Rialachán (AE) Uimh. 596/2014** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an Rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014, lch. 1) agus na bearta gaolmhara ar leibhéal 2 de réir mar is iomchuí.<br><br>Arna leasú le: | 30 Meán Fómhair 2018 (4) |
| 100 | Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoracha 2008/48/CE agus 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1) | 1 Márta 2020 (6) |
| 101 | Rialachán (AE) 2016/1033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meitheamh 2016 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais, Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 maidir le drochúsáid mhargaidh agus Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús (IO L 175, 30.6.2016, lch. 1) | 30 Meán Fómhair 2018 (5) |
| 102 | **Treoir 2014/49/AE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaíochta taiscí (athmhúnlú) (IO L 173, 12.6.2014, lch. 149) | 1 Meán Fómhair 2016 (2) |
| 103 | **Treoir 2014/57/AE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le smachtbhannaí coiriúla ar dhrochúsáid mhargaidh (an treoir maidir le drochúsáid mhargaidh) (IO L 173, 12.6.2014, lch. 179) | 30 Meán Fómhair 2018 (4) |
| 104 | **Treoir 2014/59/AE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190), agus na bearta gaolmhara ar leibhéal 2 de réir mar is iomchuí | 1 Meán Fómhair 2018 (2) |

| | | |
|---|---|---|
| | Arna leasú le: | |
| 105 | Treoir (AE) 2017/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leasaítear Treoir 2014/59/AE maidir le hionstraimí fiachais neamhurraithe a rangú in ordlathas dócmhainneachta (IO L 345, 27.12.2017, lch. 96) | 31 Deireadh Fómhair 2019 ([6]) |
| 106 | Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2014/59/AE maidir le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus acmhainneacht athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus Treoir 98/26/CE (IO L 150, 7.6.2019, lch. 296) | 31 Nollaig 2022 ([8]) |
| 107 | Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64) | 31 Nollaig 2023 ([8]) |
| 108 | **Treoir 2014/65/AE** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349) agus na bearta gaolmhara ar leibhéal 2 de réir mar is iomchuí | 31 Nollaig 2020 ([3]) |
| | Arna leasú le: | |
| 109 | Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014. lch. 1) | 31 Nollaig 2020 ([4]) |
| 110 | Treoir (AE) 2016/1034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meitheamh 2016 lena leasaítear Treoir 2014/65/AE maidir le margaí in ionstraimí airgeadais (IO L 175, 30.6.2016, lch. 8) | 31 Nollaig 2021 ([5]) |
| | Cé is moite d'Airteagal 64, mír 5: | |
| 111 | Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64) | 31 Nollaig 2023 ([8]) |
| 112 | Treoir (AE) 2019/2177 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2019 lena leasaítear Treoir 2009/138/CE maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Atháracharais agus leanúint den ghnó sin (Sócmhainneacht II), Treoir 2014/65/AE maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus Treoir (AE) 2015/849 maidir le cosc ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha airgead a sciúradh nó sceimhlitheoireacht a mhaoiniú (IO L 334, 27.12.2019, lch. 155) | 31 Nollaig 2024 ([8]) |
| 113 | **Rialachán (AE) Uimh. 600/2014** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84) agus na bearta gaolmhara ar leibhéal 2 de réir mar is iomchuí | 31 Nollaig 2020 ([3]) |
| | Arna leasú le: | |
| 114 | Rialachán (AE) 2016/1033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meitheamh 2016 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais, Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 maidir le drochúsáid mhargaidh agus Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús (IO L 175, 30.6.2016, lch. 1) | 31 Nollaig 2020 ([5]) |

| | | |
|---|---|---|
| 115 | Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014, agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1) | 31 Nollaig 2023 ([8]) |
| 116 | **Rialachán (AE) Uimh. 909/2014** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014. lch. 1)<br><br>Arna leasú le: | 31 Nollaig 2020 ([4]) |
| 117 | Rialachán (AE) 2016/1033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meitheamh 2016 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais, Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 maidir le drochúsáid mhargaidh agus Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús (IO L 175, 30.6.2016, lch. 1) | 31 Nollaig 2020 ([6]) |
| 118 | **Rialachán (AE) 2015/2365** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le trédhearcacht idirbheart maoinithe urrús agus athúsáide agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 337, 23.12.2015, lch. 1) | 30 Meán Fómhair 2019 ([4]) |
| 119 | **Treoir (AE) 2015/2366** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoir 2002/65/CE, Treoir 2009/110/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35) agus na bearta gaolmhara ar leibhéal 2 de réir mar is iomchuí | 30 Meán Fómhair 2018 ([4]) |
| 120 | **Rialachán (AE) 2016/1011** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1)<br><br>Arna leasú le: | 1 Márta 2020 ([6]) |
| 121 | Rialachán (AE) 2019/2089 ó Pharlaimint Na hEorpa Agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide an Aontais, Tagarmharcanna an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras agus nochtuithe inbhuanaitheachta le haghaidh tagarmharcanna (IO L 317, 9.12.2019, lch. 17) | 31 Nollaig 2021 ([8]) |
| | *Reachtaíocht maidir le faisnéis staidrimh a bhailiú* (*) | |
| 122 | **Treoirlíne ón mBanc Ceannais Eorpach BCE/2013/24** an 25 Iúil 2013 maidir le ceanglais tuairiscithe staidrimh an Bhainc Cheannais Eorpaigh i réimse na gcuntas airgeadais ráithiúil (2014/3/AE) (IO L 2, 7.1.2014, lch. 34)<br><br>Arna leasú le: | 1 Meán Fómhair 2016 ([2]) |
| 123 | Treoirlíne (AE) 2016/66 ón mBanc Ceannais Eorpach an 26 Samhain 2015 lena leasaítear Treoirlíne BCE/2013/24 maidir le ceanglais tuairiscithe staidrimh BCE i réimse na gcuntas airgeadais ráithiúil (BCE/2015/40) (IO L 14, 21.1.2016, lch. 36) | 31 Márta 2017 ([4]) |
| 124 | **Rialachán (AE) Uimh. 1071/2013** ón mBanc Ceannais Eorpach an 24 Meán Fómhair 2013 maidir le clár comhardaithe earnáil na n-institiúidí airgeadais airgeadaíochta (athmhúnlú) (BCE/2013/33) (IO L 297, 7.11.2013, lch. 1) | 1 Meán Fómhair 2016 ([2]) |

| | | |
|---|---|---|
| | Arna leasú le: | |
| 125 | Rialachán (AE) Uimh. 1375/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 10 Nollaig 2014 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1071/2013 (BCE/2013/33) maidir le clár comhardaithe earnáil na n-institiúidí airgeadais airgeadaíochta (BCE/2014/51) (IO L 366, 20.12.2014, lch. 77) | |
| 126 | **Rialachán (AE) Uimh. 1072/2013** ón mBanc Ceannais Eorpach an 24 Meán Fómhair 2013 maidir le staitisticí i ndáil le rátaí úis arna gcur i bhfeidhm ag institiúidí airgeadais airgeadaíochta (athmhúnlú) (BCE/2013/34) (IO L 297, 7.11.2013, lch. 51) | 1 Meán Fómhair 2016 ([2]) |
| | Arna leasú le: | |
| 127 | Rialachán (AE) Uimh. 756/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 8 Iúil 2014 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1072/2013 (BCE/2013/34) maidir le staitisticí i ndáil le rátaí úis arna gcur i bhfeidhm ag institiúidí airgeadais airgeadaíochta (BCE/2014/30) (IO L 205, 12.7.2014, lch. 14) | |
| 128 | **Treoirlíne ón mBanc Ceannais Eorpach BCE/2014/15** an 4 Aibreán 2014 maidir le staitisticí airgeadaíochta agus airgeadais (athmhúnlú) (2014/810/AE) (IO L 340, 26.11.2014, lch. 1) | 1 Meán Fómhair 2016 ([2]) |
| | Arna leasú le: | |
| 129 | Treoirlíne (AE) 2015/571 ón mBanc Ceannais Eorpach an 6 Samhain 2014 lena leasaítear Treoirlíne BCE/2014/15 maidir le staitisticí airgeadaíochta agus airgeadais (BCE/2014/43) (IO L 93, 9.4.2015, lch. 82) | |
| 130 | Treoirlíne (AE) 2016/450 ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Nollaig 2015 lena leasaítear Treoirlíne BCE/2014/15 maidir le staitisticí airgeadaíochta agus airgeadais (BCE/2015/44) (IO L 86, 1.4.2016, lch. 42) | 31 Márta 2017 ([4]) |
| 131 | Treoirlíne (AE) 2017/148 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Nollaig 2016 lena leasaítear Treoirlíne BCE/2014/15 maidir le staitisticí airgeadaíochta agus airgeadais (BCE/2016/45) (IO L 26, 31.1.2017, lch. 1) | 1 Samhain 2017 ([5]) |
| 132 | Treoirlíne (AE) 2018/877 ón mBanc Ceannais Eorpach an 1 Meitheamh 2018 lena leasaítear Treoirlíne BCE/2014/15 maidir le staitisticí airgeadaíochta agus airgeadais (BCE/2018/17) (IO L 154, 18.6.2018, lch. 22) | 1 Deireadh Fómhair 2019 ([6]) |
| 133 | Treoirlíne (AE) 2019/1386 ón mBanc Ceannais Eorpach an 7 Meitheamh 2019 lena leasaítear Treoirlíne BCE/2014/15 maidir le staitisticí airgeadaíochta agus airgeadais (BCE/2019/18) (IO L 232, 6.9.2019, lch. 1) | 31 Nollaig 2020 ([8]) |

([1]) Tháinig Comhchoiste 2013 ar chomhaontú maidir leis na spriocdhátaí sin de bhun Airteagal 8(5) de Chomhaontú Airgeadaíochta an 27 Márta 2012 idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne.

([2]) Tháinig Comhchoiste 2014 ar chomhaontú maidir leis na spriocdhátaí sin de bhun Airteagal 8(5) de Chomhaontú Airgeadaíochta an 27 Márta 2012 idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne.

([3]) Tháinig Comhchoiste 2015 ar chomhaontú maidir leis na spriocdhátaí sin de bhun Airteagal 8(5) de Chomhaontú Airgeadaíochta an 27 Márta 2012 idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne.

([4]) Tháinig Comhchoiste 2016 ar chomhaontú maidir leis na spriocdhátaí sin de bhun Airteagal 8(5) de Chomhaontú Airgeadaíochta an 27 Márta 2012 idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra.

([5]) Tháinig Comhchoiste 2017 ar chomhaontú maidir leis na spriocdhátaí sin de bhun Airteagal 8(5) de Chomhaontú Airgeadaíochta an 27 Márta 2012 idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne.

([6]) Tháinig Comhchoiste 2018 ar chomhaontú maidir leis na spriocdhátaí sin de bhun Airteagal 8(5) de Chomhaontú Airgeadaíochta an 27 Márta 2012 idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne.

([7]) Tháinig Comhchoiste 2019 ar chomhaontú maidir leis na spriocdhátaí sin de bhun Airteagal 8(4) de Chomhaontú Airgeadaíochta an 27 Márta 2012 idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne.

([8]) Tháinig Comhchoiste 2020 ar chomhaontú maidir leis na spriocdhátaí sin de bhun Airteagal 8(4) de Chomhaontú Airgeadaíochta an 27 Márta 2012 idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne.

(*) Mar a comhaontaíodh faoin teimpléad maidir le tuairisciú simplithe staidrimh."